Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Nollaig 2019**
**(OR. en)**

**14972/19**

| | |
|---|---|
| **HYBRID 56** | **EDUC 478** |
| **DISINFO 18** | **AUDIO 118** |
| **AG 68** | **DIGIT 179** |
| **PE 257** | **INF 332** |
| **DATAPROTECT 300** | **COSI 252** |
| **JAI 1307** | **CSDP/PSDC 575** |
| **CYBER 328** | **COPS 360** |
| **JAIEX 177** | **POLMIL 129** |
| **FREMP 176** | **IPCR 23** |
| **RELEX 1147** | **PROCIV 100** |
| **CULT 141** | **CSC 294** |

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Iarrachtaí comhlántacha chun an athléimneacht a fheabhsú agus chun bagairtí hibrideacha a chomhrac<br>- Conclúidí ón gComhairle (10 Nollaig 2019) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na conclúidí ón gComhairle maidir le hiarrachtaí comhlántacha chun athléimneacht a fheabhsú agus chun bagairtí hibrideacha a chomhrac, a glacadh ag an 3739ú cruinniú de chuid na Comhairle ar an 10 Nollaig 2019.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le hiarrachtaí comhlántacha chun an Athléimneacht a Fheabhsú agus chun Bagairtí Hibrideacha a Chomhrac**

1. Meabhraítear don Chomhairle na Conclúidí ábhartha ón gComhairle Eorpach[1] agus ón gComhairle[2] agus cuireann sí in iúl go bhfuil sí tiomanta i gcónaí d'athléimneacht an Aontais gona Bhallstáit a neartú i gcoinne bagairtí hibrideacha ilghnéitheacha síorathraitheacha agus feabhas a chur ar an gcomhar chun iad a bhrath, a chosc agus a chomhrac.

2. Aithníonn an Chomhairle an dul chun cinn atá déanta i ndáil le cur chun feidhme an Chreata Chomhpháirtigh maidir le Cur i gCoinne Bagairtí Hibrideacha (2016) agus na Teachtaireachta Comhpháirtí maidir le hAthléimneacht agus Cumais Boilscithe a Mhéadú chun Aghaidh a thabhairt ar Bhagairtí Hibrideacha (2018) chomh maith leis an bPlean Gníomhaíochta i gcoinne na Bréagaisnéise (2018), i gcomhréir leis na Conclúidí ábhartha ón gComhairle.

3. Is faoi na Ballstáit go príomha atá sé bagairtí hibrideacha a chomhrac. Iarrachtaí comhlántacha iad na hiarrachtaí a dhéantar ar leibhéal an Aontais agus iad gan dochar don fhreagracht a bhíonn ar gach Ballstát as féin i dtaca leis an tslándáil náisiúnta. Tá gá le cur chuige cuimsitheach, uile-rialtais agus uile-shochaí i leith na slándála chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí hibrideacha, agus ní mór oibriú sna hearnálacha beartais ábhartha uile ar bhealach níos straitéisí, níos comhordaithe agus níos comhleanúnaí. Is den tábhacht gur cur chuige uile-rialtais a bheidh ann, a chuirfear i bhfeidhm ar leibhéal an Aontais freisin.

4. Sna conclúidí seo, leagann an Chomhairle amach tosaíochtaí maidir le cosaint ár sochaithe, ár saoránach agus ár saoirsí agus slándáil an Aontais i gcoinne bagairtí hibrideacha i gcomhthéacs chur chun feidhme an Chláir Oibre Straitéisigh nua do 2019-2024, trí chur chuige cuimsitheach don tslándáil a chur chun cinn lena mbainfidh comhordú níos fearr, acmhainní agus cumais theicneolaíocha, anuas ar an obair thábhachtach atá déanta cheana in earnálacha éagsúla beartais, lena n-áirítear mar chuid de chomhar slándála agus cosanta an Aontais.

[1] Go háirithe, na Conclúidí ón gComhairle Eorpach, Meitheamh 2019, Márta 2019, Nollaig 2018, Deireadh Fómhair 2018, Meitheamh 2018, Márta 2018, Meitheamh 2015 agus Márta 2015

[2] Go háirithe, ST 10048/19, ST 6573/1/19 REV1, ST 10255/19, ST 12836/19, ST 7928/16

5. Na hiarrachtaí sin a dhéanfar chun ár n-institiúidí daonlathacha a chosaint ar bhagairtí hibrideacha, ní mór go n-urramóidh siad cearta bunúsacha i gcónaí, lena n-áirítear sonraí pearsanta a chosaint, saoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil, agus saoirse comhlachais, mar a chumhdaítear sa Chairt um Chearta Bunúsacha.

6. Ba cheart don Aontas gona Bhallstáit leanúint de chumais a fhorbairt, a oiliúint agus a fheidhmiú chun na foinsí a bhrath agus a anailísiú, agus chun freagairt do ghníomhaíochtaí hibrideacha; ba cheart dóibh tacú le feabhas a chur ar athléimneacht na mBallstát agus institiúidí, chomhlachtaí agus ghníomhaireachtaí an Aontais i leith bagairtí hibrideacha san fhadtéarma, agus leas iomlán á bhaint as na hionstraimí arb ann dóibh cheana chun na críche sin. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir nach mór nuashonrú a dhéanamh ar phrótacal oibríochtúil an Aontais bagairtí hibrideacha a chomhrac, bunaithe ar na ceachtanna a sainaithníodh agus a foghlaimíodh ónar tharla roimhe seo.

7. Cuireann sí i dtreis nach mór leanúint i gcaitheamh an ama den chomhoibriú le heagraíochtaí idirnáisiúnta amhail na Náisiúin Aontaithe, ESCE agus Comhairle na hEorpa agus formáidí amhail G7 chun an t-ord domhanda rialacha-bhunaithe a chosaint, agus sin a dhéanamh freisin i gcomhthéacs bagairtí hibrideacha a chomhrac, lena n-áirítear trí mhuinín a chothú agus trí bhearta ábhartha eile.

8. Cuireann an Chomhairle i dtreis a thiomanta atá an tAontas leanúint den dlúthchomhar a threisíonn a chéile leis na tíortha comhpháirtíochta ábhartha uile agus den tacaíocht a thugtar dóibh, go háirithe i gcomharsanacht an Aontais, maidir leis an athléimneacht a fheabhsú agus bagairtí hibrideacha a chomhrac.

9. Iarrann an Chomhairle go ndéanfaí iarrachtaí leanúnacha chun tuilleadh den dul chun cinn a dhéanamh maidir le cur chun feidhme gach gníomhaíochta a bhaineann le bagairtí hibrideacha a chomhrac faoi chuimsiú na sraithe comhchoitinne tograí lena gcuirtear chun feidhme na Dearbhuithe Comhpháirteacha maidir leis an gcomhar idir an tAontas agus ECAT, lena n-áirítear i réimsí na feasachta ar dhálaí, na cumarsáide straitéisí, an choisc ar ghéarchéimeanna agus na freagartha orthu, agus i réimse neartú na hathléimneachta. Ós amhlaidh atá, athdhearbhaíonn sí nach mór tuilleadh feabhais a chur ar an idirphlé polaitiúil faoi bhagairtí hibrideacha a chomhrac agus go bhfuil gá le Freachnaimh Chomhthreomhara agus Chomhordaithe (PACE) rialta le rannpháirtíocht na mBallstát uile agus Chomhghuaillithe ECAT, agus iarrann sí go dtabharfaí plean nua PACE chun críche go pras. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir nach mór na ceachtanna a sainaithníodh a chur san áireamh agus go bhfuil sé tábhachtach go mbeifí in ann faisnéis a mhalartú go cuimsitheach, neamh-idirdhealaitheach, agus gan bhac.

Ina theannta sin, cuireann an Chomhairle chun suntais rannchuidiú luachmhar an Lárionaid Eorpaigh Barr Feabhais um Chur i gCoinne Bagairtí Hibrideacha (i Heilsincí ) agus molann sí dó comhar a dhéanamh le hIonaid Barr Feabhais ábhartha de chuid ECAT. Is díol sásaimh di freisin na malartuithe rialta agus struchtúrtha foirne, lena n-áirítear an comhar idir Cill Chomhtháthaithe in aghaidh Bagairtí Hibrideacha de chuid Lárionad Faisnéise agus Staide an Aontais Eorpaigh (INTCEN) agus Brainse Anailíse Hibrideach ECAT.

10. Aithníonn an Chomhairle iarrachtaí na mBallstát, i gcomhar leis an gCoimisiún agus leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS), i gcur i gcrích an tSuirbhé ar Riosca Hibrideach dá bhforáiltear i nGníomh 1 den Chreat Comhpháirteach maidir le Cur i gCoinne Bagairtí Hibrideacha (2016), agus iarrann sí go leanfaí leis an obair agus go bhféadfaí athbhreithniú a dhéanamh ar an Suirbhé ar Riosca Hibrideach chun aghaidh a thabhairt ar bhealach níos fearr ar leochaileachtaí.

**Oibriú ar bhealach comhleanúnach chun an athléimneacht a fheabhsú agus bagairtí hibrideacha chomhrac**

11. Agus teicneolaíochtaí nua agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn á bhforbairt agus á n-úsáid, lena n-áirítear intleacht shaorga agus teicnící bailithe sonraí, ba cheart aird chuí a thabhairt – chun críche na rioscaí foriomlána a laghdú – ar pé deiseanna nua dá bhfuil ann chun an athléimneacht a fheabhsú, ar leochaileachtaí féideartha, agus ar a n-éifeachtaí sin ar a chéile mar chuid den chomhrac i gcoinne bagairtí hibrideacha, agus mar chuid de phróiseas pleanála straitéisí an Chláir Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht freisin.

12. Tugann an Chomhairle dá haire go bhféadfadh cibearghníomhaíochtaí mailíseacha a bheith ina gcuid de bhagairtí hibrideacha agus, sa chomhthéacs sin, cuireann sí béim ar ábharthacht Bhosca Uirlisí Cibearthaidhleoireachta an Aontais.

13. Is gné ábhartha den iomlán é an gaol idir bagairtí hibrideacha agus slándáil eacnamaíoch ar cheart é a chur san áireamh; is ar na Ballstáit go príomha atá an fhreagracht sin.

14. Ba cheart ionstraimí nua amhail an sásra a cruthaíodh faoin Rialachán maidir le Scagadh Infheistíochta Dírí Eachtraí a úsáid go héifeachtach chun an athléimneacht a fheabhsú agus chun bagairtí hibrideacha a chomhrac trí bhealach a chur ar fáil chun infheistíochtaí díreacha coigríche, ar dócha go ndéanfaidh siad difear don tslándáil nó don ord poiblí, a shainaithint agus chun aghaidh a thabhairt orthu.

15. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún athléimneacht i gcoinne bagairtí hibrideacha a chur san áireamh sa phróiseas measúnaithe tionchair do thograí reachtacha ábhartha a thíolacfar amach anseo lena n-áirítear Cláir réime um Thaighde agus um Nuálaíocht.

16. Cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá freachnaimh rialta agus plé bunaithe ar chásanna maidir le bagairtí hibrideacha a chomhrac ar leibhéal na n-airí agus ar leibhéil eile, agus go gcuirfí gnéithe hibrideacha san áireamh i ngníomhaíochtaí oiliúna agus freachnaimh ábhartha eile de chuid an Aontais ar leibhéil éagsúla, le tacaíocht ó na Ballstáit agus ó na comhlachtaí ábhartha, go háirithe an Lárionad Eorpach Barr Feabhais chun Cur i gCoinne Bagairtí Hibrideacha, mar is iomchuí.

17. D'fhonn an comhleanúnachas a áirithiú sna chéad chéimeanna eile de chomhar an Aontais maidir leis an athléimneacht a fheabhsú agus bagairtí hibrideacha a chomhrac, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún agus ar an Ardionadaí mapáil a dhéanamh a chuirfidh san áireamh a bhfuil déanta go nuige seo agus na doiciméid ábhartha sin a glacadh ar bhealach cuimsitheach, ar mhaithe le tionscnaimh nua a chur ar bun.

**An nasc idir an tslándáil inmheánach agus an tslándáil sheachtrach**

18. Ba cheart do na húdaráis forfheidhmithe dlí, do na húdaráis cosanta sibhialta, agus d'údaráis ábhartha eile leanúint d’fhorbairt a dhéanamh ar a n-ullmhacht chun bagairtí hibrideacha a chosc agus a chomhrac. Bunaithe ar a sainorduithe faoi seach, ní mór an comhar idir na húdaráis náisiúnta ábhartha, chomh maith le hinstitiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais i ngach cuid den nasc idir an tslándáil inmheánach agus an tslándáil sheachtrach, a fheabhsú agus a phríomhshruthú ar bhonn leanúnach agus, ag an am céanna, sineirgí a mhéadú agus dúbláil iarrachtaí a sheachaint, lena n-áirítear trí mhodhanna oibre cothrománacha, trí mhalartú deonach faisnéise, agus trí oiliúint agus freachnaimh a bhaineann le hearnálacha éagsúla. Chuige sin, ba cheart tuilleadh measúnaithe a dhéanamh ar na róil tacaíochta agus rannchuidithe a bhaineann le sásraí ábhartha agus gníomhaireachtaí an Aontais – laistigh dá sainorduithe faoi seach agus le haird ar a gcuid srianta buiséadacha.

19. Ba cheart d'institiúidí agus do chomhlachtaí an Aontais, i gcomhar leis na Ballstáit, an úsáid a bhaintear as sásraí agus ionstraimí ábhartha an Aontais a fhorbairt a thuilleadh chun tacú le freagairtí na mBallstát ar bhagairtí trasearnála agus trasteorann, lena n-áirítear na socruithe comhtháite i leith freagairt pholaitiúil do ghéarchéim (IPCR), Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta (UCPM), agus an Lárionad Comhordúcháin Práinnfhreagartha (ERCC).

20. Aithníonn an Chomhairle go bhféadfadh na Ballstáit an Clásal Dlúthpháirtíochta (Airteagal 222 CFAE) a agairt agus aghaidh á tabhairt ar ghéarchéim thromchúiseach a eascraíonn as gníomhaíocht hibrideach.

**Feasacht ar dhálaí agus anailís faisnéise**

21. Ní mór comhar an Aontais maidir le feabhsú na hathléimneachta agus comhrac bagairtí hibrideacha a threorú trí mheasúnú bagartha a dhéanamh agus a thabhairt cothrom le dáta go rialta agus trí bhíthin feasacht chuimsitheach ar dhálaí. Ní mór do INTCEN an Aontais Eorpaigh agus dá Chill Chomhtháthaithe in aghaidh Bagairtí Hibrideacha an méid sin a fhorbairt chun feabhas a chur ar chumas an Aontais agus na mBallstát gníomhaíochtaí hibrideacha a bhrath, a chosc, cur isteach orthu agus freagairt dóibh, agus inniúlacht na mBallstát á hurramú ag an am céanna. Measann an Chomhairle gur cheart tuilleadh feabhais a chur ar obair Chill Chomhtháthaithe in aghaidh Bagairtí Hibrideacha an Aontais, agus leibhéal iomchuí acmhainní, lena n-áirítear saineolas gairmiúil, á chur san áireamh.

22. Meabhraítear don Chomhairle na Conclúidí uaithi an 19 Aibreán 2016 maidir le Cur i gCoinne Bagairtí Hibrideacha lena n-iarrtar ionstraimí an Aontais a shlógadh chun bagairtí hibrideacha ar an Aontas gona Bhallstáit gona chomhpháirtithe a chosc agus a chomhrac. Cuireann an Chomhairle i dtreis nach mór tuilleadh forbartha a dhéanamh ar na feidhmeanna sin atá ag an Aontas gona Bhallstáit i láthair na huaire maidir le feasacht ar dhálaí, agus foinsí na mbagairtí á gcur san áireamh, agus nach mór úsáid níos fearr a bhaint as anailís faisnéise INTCEN AE gona Chill Chomhtháthaithe in aghaidh Bagairtí Hibrideacha, go háirithe i bpróiseas ceaptha beartais agus i bpróisis bainistithe géarchéime an Aontais maidir le bagairtí hibrideacha a chomhrac.

23. Aithníonn an Chomhairle an rannchuidiú ábhartha a d’fhéadfadh misin agus oibríochtaí CBSC a chur ar fáil, i gcás inarb iomchuí agus de réir mar is iomchuí, chun táscairí a shainaithint agus a anailísiú maidir le gníomhaíochtaí féideartha hibrideacha de chuid tríú páirtí, lena n-áirítear bréagaisnéis darb aidhm míchlú agus bac a chur ar ghníomhaíocht an Aontais gona Bhallstáit, agus is léir di an fiúntas a bhaineann leis an rannchuidiú sin a fhorbairt a thuilleadh.

**An Bonneagar Criticiúil a Chosaint**

24. Príomhthosaíocht a éilíonn cur chuige uile-rialtais agus uile-shochaí is ea na bonneagair chriticiúla náisiúnta agus Eorpacha – mar aon le feidhmeanna agus seirbhísí atá ríthábhachtach d'fheidhmiú cuí an Stáit, an gheilleagair agus na sochaí a chosaint, lena n-áirítear i gcomhthéacs fheabhsú na hathléimneachta i leith bagairtí hibrideacha. Ní mór a chur san áireamh san obair sin na hidirthuilleamaíochtaí láidre atá ann idir feidhmeanna agus seirbhísí criticiúla éagsúla sa réimse fisiciúil agus sa réimse cibearshlándála araon, lena n-áirítear seirbhísí airgeadais, ról lárnach na hearnála príobháidí, an timpeallacht athraitheach slándála agus na rioscaí atá ag teacht chun cinn.

25. Ina theannta sin, sa bhreis ar cheanglais dlí, rialála agus maoirseachta an Aontais agus na mBallstát lena rialaítear an athléimneacht oibríochtúil agus an leanúnachas gnó, ba cheart socruithe a chur chun cinn san earnáil phríobháideach le húinéirí agus le hoibreoirí bonneagair agus seirbhísí ar mhaithe le leanúnachas na seirbhísí criticiúla – agus rochtain orthu – a áirithiú fiú i gcás *force majeure*, trína áirithiú go mbeidh leibhéal inghlactha ullmhachta ann chun freagairt do gach bagairt ábhartha chomh maith le solúbthacht chun teagmhais mórthionchair ard-dóchúlachta a ghleic, a mhaolú, agus a sheasamh

26. Cuireann an Chomhairle an méid seo i dtreis: cé gur faoi na Ballstáit féin atá sé, den chuid is mó, an bonneagar criticiúil a chosaint, ní mór go mbeadh ann – i ngeall ar an mórchuid idirthuilleamaíochtaí trasteorann agus trasearnálacha – iarrachtaí comhordaithe nó, i gcás inar gá, iarrachtaí comhchuibhithe ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear d'fhonn an margadh inmheánach a choimeád ag feidhmiú gan bhriseadh.

27. Tar éis na meastóireachta a rinneadh i mí Iúil 2019 ar chur chun feidhme na Treorach (2008/114/CE) maidir le bonneagair chriticiúla Eorpacha (ECIanna) a shainaithint agus a ainmniú, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún dul i gcomhairle leis na Ballstáit maidir le togra féideartha chun athbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir go luath sa timthriall reachtach nua, lena n-áirítear bearta breise féideartha chun cosaint agus athléimneacht an bhonneagair chriticiúil san Aontas a fheabhsú, agus an idirthuilleamaíocht láidir idir feidhmeanna agus seirbhísí criticiúla á cur san áireamh.

28. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún leanúint de bheith i dteagmháil leis na Ballstáit agus, i gcás inarb iomchuí, socruithe neamhcheangailteacha a fhorbairt maidir leis an gcomhar idir na Ballstáit sin a bhfuil bonneagair chriticiúla nasctha acu.

29. Aithníonn an Chomhairle a thábhachtaí atá an Treoir maidir le Slándáil Líonra agus Córas Faisnéise (Treoir NIS) chun cultúr bainistithe riosca agus slándála a fhorbairt i measc oibreoirí in earnálacha ríthábhachtacha agus do na cumais agus straitéisí náisiúnta sin lena n-áirithítear ardleibhéal slándála do chórais líonra agus faisnéise ar a gcríoch, lena n-áirítear i gcomhthéacs bagairtí hibrideacha. Iarrann an Chomhairle ar na Ballstáit, ar an gCoimisiún, agus ar Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA) leanúint dá gcomhar a fhorbairt, ar gach leibhéal is ábhartha, ar bhonn an Mholta ón gCoimisiún maidir le Freagairt Chomhordaithe ar Theagmhais agus ar Ghéarchéimeanna Cibearshlándála Mórscála (Treoirphlean).

**An bhréagaisnéis a chomhrac agus toghcháin shaora chóra a áirithiú**

30. Is díol sásaimh don Chomhairle an Tuarascáil maidir le cur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta i gcoinne na bréagaisnéise agus aithníonn sí go bhfuil cur chun feidhme leantach an Phlean Gníomhaíochta sin i gcroílár na n-iarrachtaí atá ar bun ag an Aontas. Cuireann an Chomhairle i dtreis nach mór athbhreithniú rialta a dhéanamh ar an bPlean Gníomhaíochta agus é a thabhairt cothrom le dáta, nuair is gá sin, chun go n-áiritheofar cur chuige éifeachtúil fadtéarmach.

31. Cuireann an Chomhairle i dtreis nach mór acmhainní leordhóthanach a chur ar fáil do Rannán Cumarsáide Straitéisí SEGS agus go háirithe do na trí Thascfhórsa (Oirthear, na Balcáin Thiar, Theas) chun gur féidir leo pleanáil, cur chun feidhme, agus meastóireacht a dhéanamh ar bhonn fadtéarmach. I dtaca lena gcúraimí, ba cheart gach ceann de na trí Tascfhórsaí sin a bheith in ann gníomhaíochtaí bréagaisnéise de chuid gníomhaithe stáit eachtracha agus gníomhaithe neamhstáit seachtracha a bhrath, a anailísiú agus a cheistiú ar bhonn leanúnach. Ba cheart do na Tascfhórsaí leanúint de bheith ag rannchuidiú leis an gcumarsáid éifeachtach dhearfach fhíricbhunaithe agus le prionsabail, luachanna agus beartais an Aontais a chur chun cinn i gcomharsanacht an Oirthir agus an Deiscirt agus sna Balcáin Thiar, agus mórthimpeallacht na meán agus na sochaí sibhialta sna réigiúin sin a neartú. Iarrann an Chomhairle ar SEGS measúnú a dhéanamh ar na riachtanais agus na féidearthachtaí a bhaineann le hatreisiú na hoibre cumarsáide straitéisí a bhíonn ar siúl ag SEGS i limistéir gheografacha eile, amhail an Afraic fho-Shahárach, ach pé acmhainneacht is gá chun na cúraimí cumarsáide straitéisí arb ann dóibh cheana a dhéanamh a choimeád ar bun.

32. Aithníonn an Chomhairle go bhfuil gá le cur chuige cuimsitheach ar gach leibhéal chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin na bréagaisnéise, lena n-áirítear dúshláin amhail cur isteach ar thoghcháin Eorpacha shaora chóra, agus nach mór an leas is fearr a bhaint as a bhfuil d'uirlisí ar fáil ar líne agus as líne. Ní mór an méid seo a leanas a áireamh ar an gcur chuige sin: faireachán agus anailís ar an mbréagaisnéis agus ar chur isteach ionramhálach, forfheidhmiú na rialacha Eorpacha maidir le cosaint sonraí, cur i bhfeidhm coimircí toghcháin, iarrachtaí chun feabhas a chur ar na meáin iolraíocha, ar an iriseoireacht ghairmiúil, ar an litearthacht sna meáin, chomh maith leis an bhfeasacht i measc na saoránach. Molann an Chomhairle go ndéanfaí tuilleadh den chomhdhlúthú ar líonra gníomhach neamhspleách trasEorpach ina mbeidh fíricsheiceálaithe agus taighdeoirí frith-bhréagaisnéise. Aithníonn an Chomhairle a thábhachtaí atá an tsochaí shibhialta, an lucht acadúil, agus an earnáil phríobháideach – agus an ról a bhíonn acu – chun aghaidh a thabhairt ar an mbréagaisnéis agus chun an athléimneacht a chothú.

33. Aithníonn an Chomhairle an acmhainneacht a bhaineann leis an gCóras Mear-Rabhaidh (RAS) i dtaca le comhrac na bréagaisnéise, go háirithe i dtaca le cur isteach ar thoghcháin. Molann sí don Choimisiún agus do SEGS, agus do na Ballstáit, tuilleadh forbartha a dhéanamh ar RAS chun go mbeidh sé ina ardán cuimsitheach ag na Ballstáit agus ag institiúidí an Aontais chun an comhar, an comhordú, agus an malartú faisnéise a fheabhsú, amhail taighde agus léargas anailíseach, dea-chleachtais, agus táirgí cumarsáide, ar mhaithe le feachtais bréagaisnéise a ghleic mar chuid de réimse iarrachtaí ar an leibhéal Eorpach agus náisiúnta.

34. Aithníonn an Chomhairle a úsáidí atá na bearta agus na moltaí a bhí sa phacáiste maidir le toghcháin a thíolaic an Coimisiún ar an 12 Meán Fómhair 2018, chun a áirithiú gur slán do thoghcháin san Eoraip. Molann an Chomhairle don Choimisiún agus do na Ballstáit féachaint an bhféadfaí leanúint de na gníomhaíochtaí atá ar siúl ag na líonraí Eorpacha comhair maidir le toghcháin chun tacú le malartú faisnéise agus dea-chleachtas. Is díol sásaimh don Chomhairle iarrachtaí an Choimisiúin rannpháirt a thabhairt do na geallsealbhóirí ábhartha go léir agus tacú le réimse leathan beart amhail freachnamh cibearshlándála na dToghchán Eorpach (EU ELEx19), agus na hinniúlachtaí náisiúnta sa réimse seo á gcur san áireamh.

35. Aithníonn an Chomhairle gur gá leanúint de bheith ag obair le hardáin na meán sóisialta chun caighdeáin níos airde ó thaobh freagrachta, trédhearcachta agus cuntasachta a bhaint amach a mhéid a bhaineann le comhrac na bréagaisnéise. Ina theannta sin, chun críocha beartais acadúil fianaisebhunaithe a éascú, ba cheart rochtain gan bhac a thabhairt ar shonraí anaithnidithe a fhaightear ó sholáthraithe ardáin na meán sóisialta. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún tionscnaimh a thíolacadh maidir leis an mbealach romhainn a mhéid a bhaineann le gleic na bréagaisnéise ar ardáin ar líne. Ba cheart na tionscnaimh sin a bheith bunaithe ar mheasúnú ar chur chun feidhme an Chóid Cleachtais maidir le Bréagaisnéis, agus is ceart a chur san áireamh ann an obair anailíseach agus na tuarascálacha a rinne lucht acadúil agus eagraíochtaí de chuid na sochaí sibhialta, an tuarascáil faireacháin a rinne Grúpa na Rialálaithe Eorpacha um Sheirbhísí na Meán Closamhairc ar an gCód thuasluaite, mar aon leis na ceachtanna a foghlaimíodh ó na toghcháin a bhí ar siúl i mí na Bealtaine 2019 do Pharlaimint na hEorpa. Ós amhlaidh atá, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún féachaint ar bhealaí, lena n-áirítear sásraí féideartha forfheidhmithe d'ardáin ar líne, chun cur chun feidhme an Chóid Cleachtais a fheabhsú a thuilleadh, go háirithe trí mheasúnú neamhspleách a dhéanamh ar chomhlíonadh a ngealltanas acu siúd a chuir a n-ainm leis an gCód.

**Slándáil institiúidí, chomhlachtaí agus ghníomhaireachtaí an Aontais**

36. Is de leas an Aontais agus na mBallstát go mbeadh slándáil le fáil ag pearsanra, institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais i gcoinne bagairtí hibrideacha, agus gníomhaíochtaí mailíseacha eile. Iarrann an Chomhairle ar institiúidí, ar chomhlachtaí agus ar ghníomhaireachtaí an Aontais, le tacaíocht ó na Ballstáit, a áirithiú go mbeidh an acmhainneacht ag an Aontas a iomláine féin a chosaint ó ghníomhaíochtaí mailíseacha den uile chineál agus feabhas a chur ar shlándáil na líonraí faisnéise agus cumarsáide san Aontas, agus ar na próisis chinnteoireachta, bunaithe ar mheasúnú cuimsitheach ar bhagairtí. Chuige sin, ba cheart d'institiúidí, do chomhlachtaí agus do ghníomhaireachtaí an Aontais, le tacaíocht ó na Ballstáit, sraith chuimsitheach beart a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun a slándáil féin a áirithiú, i gcomhréir leis an sainordú a fuarthas ón gComhairle Eorpach i mí an Mheithimh 2019. Cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá sé an idir-inoibritheacht a áirithiú i mbonneagar TF an Aontais chun gur féidir faisnéis rúnaicmithe a mhalartú idir institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais gona Bhallstáit.